



**ACTIVE  
SOUTH DUBLIN  
DEONTAS SPÓIRT**



# Intreoir

I mBaile Átha Cliath Theas Gníomhach, táimid tiomanta cabhrú le gach duine i mBaile Átha Cliath Theas sult a bhaint as na buntáistí a théann le stíl mhaireachtála ghníomhach agus shláintiúil. Bíodh sé sin trí shiúl, rothaíocht, damhsa, spóirt foirne, aclaíocht, nó obair dheonach, oibrímid le pobail, clubanna, scoileanna agus eagraíochtaí áitiúla chun spórt a imirt agus gníomhaíocht choirp a dhéanamh níos inrochtana do chách.

Fís shimplí atá againn: níos mó daoine a spreagadh le bheith níos gníomhaí, níos minice. Tugaimid daoine le chéile—cónaitheoirí, grúpaí áitiúla, soláthraithe fóillíochta agus comhpháirtithe eile—chun deiseanna rannpháirtíochta a chruthú, agus dírimid ar thimpeallacht uilechuimsitheach agus thacúil a chothú don ghníomhaíocht choirp, don áineas agus don spórt.

Tá ceithre phríomhcholún a threoraíonn ár gcuid oibre:

- **Spásanna agus Áiteanna Gníomhacha:** Áiseanna a fheabhsú agus spásanna fáilteacha a chruthú don ghníomhaíocht choirp.
- **Pobail Ghníomhacha agus Clubanna Gníomhacha:** Tacú le clubanna, grúpaí agus tionscnaimh áitiúla fás agus treisiú.
- **Comhpháirtíochtaí Gníomhacha agus Córais Ghníomhacha:** Ceangail láidre a chruthú chun torthaí níos fearr a bhaint amach le chéile.
- **Cumarsáid Ghníomhach:** Faisnéis a roinnt agus teachtaireacht na maireachtála gníomhaí a scaipeadh.

Faigheann Baile Átha Cliath Theas Gníomhach maoiniú ó Spórt Éireann agus ó Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus tá sé mar chuid de líonra náisiúnta de 29 Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt atá ann le gníomhaíocht choirp a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud na hÉireann.

Bímis gníomhach—le chéile!



# Cuspóir na Scéime

Rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú i measc dhaonra an chontae. Féachfaidh Baile Átha Cliath Theas Gníomhach le díriú ar na codanna sin den phobal ina léiríonn taighde go bhfuil ráta níos lú rannpháirteachais ann go traidisiúnta - iad siúd faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus/nó sóisialta; mionlaigh eitneacha; cailíní sna déaga agus mná i gcoitinne; daoine aosta agus daoine faoi mhíchumas.

Beidh sé mar chuspóir lárnach i soláthar deontas ná cumas na heagraíochta éifeacht níos fadtéarmaí a spreagadh leis an maoiniú a chuirtear ar fáil.





# Critéir Cháilitheachta

Earnálacha Incháilithe – Ní mór do ghrúpaí/eagraíochtaí a bheith lonnaithe laistigh de Chontae Átha Cliath Theas.

- Scoileanna – bunscoileanna, meánscoileanna agus scoileanna speisialta.
- Clubanna Spóirt & Eagraíochtaí.
- Grúpaí do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Grúpaí Pobail.

Earnálacha Neamh-Incháilithe.

- Daoine Aonair Príobháideacha.
- Úinéirí Saoráide Príobháidí.
- Gníomhaireachtaí Reachtúla.

Catagóirí incháilithe le haghaidh maoinithe .

- Trealamh a Cheannach.
- Traenáil – club forbartha, cúrsaí ceannaireachta/ cóitseála.
- Cláir Ghníomhaíochta - go háirithe iad siúd atá dírithe ar na spriocghrúpaí is mó ar nós cailíní sna déaga, mná, mionlaigh eitneacha, daoine faoi mhíchumas, daoine difhostaithe, daoine atá níos sine.

Catagóirí maoinithe neamh-incháilithe – Ar na samplaí, tá:

- Míreanna pearsanta m.sh. coisbheart.
- Oiliúint nach bhfuil creidiúnaithe ag Spórt Éireann, ag Comhlacht Náisiúnta Rialaithe spóirt ná ag comhlacht corpraithe aitheanta eile.
- Cúrsaí oiliúna a théann chun leasa an duine aonair seachas an eagraíocht iomlán.



# Critéir Ghinearálta

- Ní mór iarratas ar Dheontas Forbartha Spóirt a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais oifigiúil ar líne trí shuíomh gréasáin Active South Dublin [www.activesouthdublin.ie](http://www.activesouthdublin.ie).
- Ní mór sonraí iomlána faoi chuspóir an deontais a chur ar fáil. Ba cheart fianaise ar riachtanais airgeadais agus moltaí maidir le hacmhainní gaolmhara a chur ar fáil.
- Ní mór do chuntais bhainc a bheith in ainm an ghrúpa a dhéanann an t-iarratas. Ní mór cóip de Cheanntásc Ráitis Bainc le déanaí (dáta laistigh de na 6 mhí dheireanacha) a léiriú:
  - Ainm agus seoladh an Chlub/Eagraíochta Ainm / lógó do bhainc
  - An BIC agus
  - An IBAN

## **Ba cheart aon idirbhearta a cheilt nó dúch dubh a chur orthu**

- Ní íocfar deontais go cúlghabhálach le haghaidh cláir nó gníomhaíochtaí roimhe seo.
- Ní mór don ghrúpa iarratasóra a léiriú go bhfuil gá le tacaíocht oibriúcháin.
- Féadfar iarraidh ar ghrúpaí/eagraíochtaí atá ag lorg deontais cóip dá mBunreacht a sholáthar.
- Is féidir go n-iarrfaí cruthúnas ar árachas chun tacú le d'iarratas.
- Ní mór ranníocaíocht deontais ghníomhach Bhaile Átha Cliath Theas a i ngach ábhar bolscaireachta gaolmhar a bhaineann le tionscadal agus má iarrtar é, ní mór fianaise air sin a sholáthar
- Ní mór do gach Grúpa Ráiteas Príobháideachais CCÁCT do Dheontais Pobail na Comhairle a léamh.



## Conas a dhéanfar measúnú ar m'iarratas?

Nóta: Diúltófar d'iarratais mura bhfuil an fhaisnéis iarrtha ar fad curtha isteach.

Déantar deontais a mheasúnú faoi na ceisteanna seo a leanas:

1. Spriocghrúpa.
2. Faisnéis agus costais atá soiléir agus cruinn a bheith curtha ar fáil.
3. Inbhuanaitheacht fhéideartha agus oidhreacht.
4. Anailís costais is tairbhe .i. a léiríonn luach maith ar airgead.
5. Cistí reatha atá ar fáil don ghrúpa agus infhaighteacht foinsí maoinithe eile.
6. Cóip den Ráiteas Bainc (dáta laistigh de 6 mhí) ceangailte leis an iarratas.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar an iarratas cuireann Coiste Bhaile Átha Cliath Theas Gníomhach a cheaduithe deontais i láthair do chruinniú de Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas a thagann le chéile faoi láthair ar an dara Luan de gach mí (gan mí Lúnasa san áireamh).

Is é €150,000 an Leithdháileadh Bliantúil do 2025.

Chomh maith leis sin, is féidir tuilleadh eolais agus comhairle a fháil ar na Deontais Forbartha S4póirt ach theagmháil a dhéanamh le Baile Átha Cliath Theas Gníomhach: Teil 01-4149157 nó cuir ríomhphost chuig [info@activesouthdublin.ie](mailto:info@activesouthdublin.ie).



5

7

# Déan Teagmháil Linn

**Active South Dublin**  
South Dublin County Council  
County Hall,  
Tallaght,  
Dublin 24.



[info@activesouthdublin](mailto:info@activesouthdublin)



[www.activesouthdublin.ie](http://www.activesouthdublin.ie)

